Bánú na Tuaiṫe — Faḋb Pleanála

(Ar lean.)

Ba annaṁ a ċonnaic siad an ġrian anois mar ceilfeaḋ deataċ agus smúit ó na simnéiṫe móra uaṫa é. Rud eile a neartaiġ an tuille ċun na gcaṫraċ ab ea an t-aṫrú ar ċúrsaí talṁaíoċta aṫrú a ṫosnaiġ na blianta roiṁe sin nuair a caiṫeaḋ a lán des na tiónóintí as seilḃ, agus nuair a ġlac na tiarnaí móra le módanna oibre meicniúil. Na ceardaiṫe adṁaid, miotail, agus olna, níor ḟéad siad coiṁlint na monarcan a ṡeasaṁ agus ḃí orṫa na feirmeoirí beaga agus na fir-oibre a leanúint isteaċ ċun na caṫraċ. Lena ċois sin, ṫáinig tuille eile, ó Éirinn an t-am seo, is go Manchester, Liverpool agus Glasgow a ḃeiċ na Gaeil boċta a ḋein roġa den Ḃreatain mar áit deoraíoċta an uair úd.

D'ḟás bailte na Breataine gan órd gan eagar. Go dtí deire na 18ú céad níor cuireaḋ bun-riaċtanaisí na sláintíoċta ar fáil ionnta. Aċ níl sé aċ ceart a rá ina ṫaoḃ sin naċ raiḃ an Ḃreatain pioc níos measa ná tír mór tionscalaċ ar biṫ eile. Ḃí smaointeoirí ag scríoḃ agus ḃí fir misniúla ag cur scéimeanna réabhlóideaċa ar bun, daoine mar Ebeneser Howard agus Robert Owen. Fir ab ea iad a ċreid go raiḃ sé riaċtanaċ (agus go raiḃ sé indéanta) saol folláin a ċur ar fáil do ṗobal tuaiṫe agus caṫraċ araon aċ pleanáil cúramaċ a ḋéanaṁ. (8)

Ba ins na tríoċadaí de'n ċéad seo, áfaċ, a ṫosnaiġ Rialtas na Breataine ag gníoṁú dáiríre i gcoinne oll-ṁéadú na gcaṫraċ ⁊ bánú na tuaiṫe araon. Cuireaḋ dá Ċoimisiún faoi leiṫ ar bun; ceann le ceist dí-láruiṫe tionscal a ḟiosraí, agus ceann eile a raiḃ sé de ċúram air caoṁnú na talṁaíoċta agus saol na tuaiṫe a ċur ar ḃun náisiúnta. (9). Ḃí an tír curṫa tré ċéile ag Cogaḋ Doṁanda a Dó sar ar críoċnaíoḋ na fiosrúċáin go h-iomlán, aċ níor deineaḋ dearmad ar na moltaí a deineaḋ. Díreaċ indiaiḋ an Ċogaiḋ deineaḋ beart mór dá réir nuair a ceapaḋ Roinn Rialtais, an Roinn Baile Ṗleanála, 'ċun comoibriú agus leanúnaċas i dtaoḃ úsáid agus forbairt talúna a ceapaḋ agus a ċur i gníoṁ.'

Ḃí raṫ ar ḟeirmeoirí na Breataine le linn an Ċogaiḋ 1939-46, aċ in ainneoin sin ḃí meaṫ ar na bailte beaga agus ar ṡaol na tuaiṫe i gcoitiann. Cuireaḋ de ċúram anois ar gaċ Údarás Pleanála a ṫeaspáint ar a bpleananna forbarṫa cad iad go díreaċa bailte agus na sráid-ḃailte a ṁeas siad a ḃeiṫ oiriúnaċ le méadú (tré tionscail a ḃunú ionnta mar ṡompla). Caiṫfear a rá nár ullṁaíoḋ mórán scéimeanna forbarṫa mar sin go fóill; i gceanntraċa tuaiṫe na Breataine níl aċ smaċt diúltaċ ar ḟorbairt agus sin ó lá go lá. (10). Deirtear liom gur easpa fóirne cuid ar a laġad den ċúis atá leis an ṁoill seo; teastóḋ 2,000 eile de ṗleanálaiṫe oilte ċun an obair riaċtanaċ go léir a ḋéanaṁ).

Tá dul ar aġaiḋ sásúil déanta áfaċ, maidir le tionscail a ḋí-lárú agus le cuid de'n ṗobal breise a ṫógaint amaċ as na h-ollċaṫraċa. Samplaí den toraḋ atá ar an ḃfaċtas seo na bailte nua ar nós Stevenage in aice le London agus Cumberauld taoḃ le Glascú (an ceann is nua acu go léir). Ní cuidíonn siad seo go díreaċ ar ndóiġ le caoṁnú na tuaiṫe mar séard tá ionnta dáiríre na sliṫe ċun "overspill" na gcaṫraċ a ṫógaint agus a ais-lonnú. San am ċéanna tá siad riaċtanaċ mar ċuid de plean náisiúnta na Breataine ċun dá ġalar atá ceangailte go dluṫ le ċéile, a leiġeas.

An Íseál Tír. Tír eile a ṫug faoi ḟaḋb na h-imirce ó'n dtuaiṫ ar scála náisiúnta is ea an Íseál Tír nó an Ollóin.

D'ḟéadfaí a rá ina taoḃ gur ceann-ródaí í in ealaíon na pleanála, gur múinteoir í a ṫuill meas imeasc ciníoċa an doṁain de ḃárr na dteoiricí a cumaḋ innti, agus freisin de ḃárr oibre a cuireaḋ ċun críċe go sásúil.

Ar nós na Breataine, ċuir an Íseál Tír eagras stáit ar bun taréis an Ċogaiḋ Doṁanda 11; an Bureau Pleanála Eamiomíoċta a raiḃ sé de ċúram air raṫúnas a ċur ar fáil do ġaċ páirt den tír, agus dualgas air oibriú go dluṫ leis na h-údarais pleanála fisiciúla. Táid ag comoibriú le ċéile, mar ṡompla, ar ċás 'na réigiún acrannaċa' sa Tuaisceart agus san Oirṫear, áiteanna ina ḃfuil meicniú na feirmeoireaċta agus ardú ċaiġdeáin an ḃeaṫa taréis cur isteaċ ar ṡaol traidisiúnta na ndaoine. Tá sé riaċtanaċ, d'réir na saineolaí, na h-aonaid feirmeoireaċta a ṁéadú agus fágann sé sin go ḃfuil laġdú ar uiṁir na n-oibriṫe feirme' (11). Tá an Rialtas taréis cúram faoi leiṫ a ḋéanaṁ de ċeanntraċa Groningen, Drenthe, Frizia, Overysel, Brabant Ṫuaiḋ, Limburg agus Zeeland. Meas siad go raiḃ gá le 'stimuli' faoi leiṫ i gcás na gcúigí seo, ċun tionscail a ṁeallaḋ ċuca. Ḃí freisin le bóiṫre, scolanna, áiseanna cultúra agus mar sin de. Ċuireadar ar fáil fiú aṁáin na h-ionaid dos na monarcanna in a lán cásanna.

Ba é an tuairim a ḃí agus atá ag pleanálaiṫe na h-Íseál Tíre faoi na feirmeaċa beaga gur ċóir deire a ċur leo ċoṁ luaṫ agus do ḃféidir sin a ḋéanaṁ (12). Níorḃ ḟéidir iad a ḃeiṫ eacnamaiciúil, dár leo. Ní raiḃ leiġeas ar an scéal aċ iad a ḋlúṫú le ċéile in aonaid níos mó, rud a ḋeineadar. San am céanna ḋeineadar bóiṫre agus canálaċa nua. Ċuireadar deire le bóiṫre cama na sean-aimsire, nó le bealtaí naċ raiḃ gá a tuille leo. (Tá dearcaḋ na nOllóineaċ i leiṫ méid na n-aonad talṁaíoċta speisiúil dúinne mar tá easaontas mór sa tír seo ina ṫaoḃ; a lán de luċt an rialtais agus de eolaiṫe eacnamaíoċta a ċréideann go ḃfuil ré an ḟeirmeora ḃig ṫart, agus daoine ar nós Easbuig Ċorcaí agus an Ginearál Ó Coisdeala a ċreideann a ċontrárṫaċt ar fad). Ar aon nós, ṫeastaiġ ó na h-Ollóiniġ aonaid-feirme naċ mbéaḋ briste suas aċ go mbéaḋ crot nó leagan amaċ orṫa a loṁáilfeaḋ inill a úsáid orṫa. D'ḟág sé seo go mbíoḋ orṫa go minic foirgintí feirme nua a ṫógáil ar, nó in aice leis an talaṁ, in áit na sean-ḟoirgintí a ḃí i ḃfad ó'n ḃfeirm nó i lár sráid-ḃaile. Suas go dtí 31 Nollaig, 1958, ḃí scéimeanna den ċineál seo curṫa i gcríċ ar ḃlocanna a raiḃ 314,000 acra ar fad ionnta. Tá an obair ag dul ċun ċinn ar 502,000 acra eile, agus tá 3,033,000 acra eile i seilḃ an Rialtais agus rún acu ar rud céanna a ḋéanaṁ leo (13).

An Ḟrainnc.

Sompla eile de ġníoṁú Stáit sa scéal seo ná "Ceaṫrú Plean" na Fraince a cuireaḋ i ḃfeidṁ sa mbliain 1962. Faḋb mór isea bánú na tuaiṫe anseo, go mór mór sa Massif Central agus san Iarṫair. Tá cruṫú oifigiúil gur tréigeaḋ dá ṁilliún feirm le leiṫ-ċéad blian anuas. Tuigeann an Stát gur b'iad fir agus mná na tuaiṫe ċnáṁ droma an náisiúin agus is mian leo a saol a ḟeaḃsú. Mar sin, tá plean cinnte faoi lán-tseoil ċun ní h-aṁáin tionscail, aċ oideaċas, agus ar rialtas féin a ḋí-lárú d'réir a ċéile, agus coinniallaċa beaṫa agus sóisialta na tuaiṫe a ardú. (14).

An Ḟionnlainn:

Ní tír í an Ḟionnlainn a ḃfuil bánú na tuaiṫe ina ḟaḋb ró-ṁór go fóill innti mar is tír ádalṁór í agus gan innti aċ pobal beag go leor agus a ḃfurṁór lán tsásta (go fóill ar aon nós) le saol na feirme. Aċ ceapaim gur fiú í a lua anseo mar ġeall ar scéim ais-lonnuiṫe a cuireaḋ i gcríċ go buaḋaċ le blianta beaga anuas faoi scáṫ an Rialtais, agus a ḃfuil cur síos air ina leaḃar 'Green Gold and Granite' ag Wendy Hall. Mar is cuiṁin linn ċaill an Ḟionnlainn cúige Karelia don Rúis ins na daiċeadaí, agus b'éigin dí suas le leaṫ-milliún duine a ṡocraí síos i lár na tíre. Ċoṁ fada agus do ḃéidir socraíoḋ síos i bpobail iomlána iad. Aċ níor cuireaḋ bailte nua ar bun; is aṁlaiḋ gur cuireaḋ na pobail nua ó Karelia mar ṡaġas 'géag' do 'ṗlannda' a ḃí ann ċéana (sráid-ḃaile) le súil go ḃfásfaḋ siad go nádúrṫa mar ċuid den ṗobal-dúċasaċ. Fuarṫas amaċ gur ṡocraiġ a ḃfurṁór síos go sásta taréis cúpla bliain, gur ṡáṫ siad a bpréaṁaċa síos san iṫir nua. Ár ndóiġ, ins na blianta tosaí ḃí aċrann anois is arís idir iad agus an tsean dream, aċ táid ag teaċt le ċéile go maiṫ anois. Ṫóg na h-imirceoirí a dtiṫe iad féin aċ ċuidiġ an Stát sa méid is gur ḋeineadar bóiṫre, agus gur ṫaoscadar an talaṁ. Ḃí furṁór na gCaréileaċ socruiṫe ina mbailte nua i 1950, sé bliana indiaiḋ an Ċogaiḋ; ḃí 4,500 mílte de ḃóiṫre tógṫa, iad go freastalar 31,800 de feirmeaċa. Taoscaḋ 540,000 acra de ṫalaṁ. Cabair eile a ṫug an Stát ná gur tugaḋ faoiseaṁ ó ċáin ar feaḋ roint bliana. (15)

An dearcaḋ atá ag na Fionnlannaiġ maidir leis an méid is cóir a ḃeiṫ i ḃfeirm, is fiú é ċuir i gcomparáid le dearcaḋ na n-Ollóineaċ. Feirmeaċa beaga ar fad, beagnaċ, atá sa tír. Níl iṫir ró-ṡaiḋḃir sa tír agus bíonn an ġeiṁreaḋ fada agus cruaiḋ. Tá ḟios ag na Fionnlannaiġ gur fearr i ḃfad a d'éireóċaḋ le h-aonad a ḃéaḋ níos mó agus go saorófaí ar an tslí sin saoṫraiṫe dos na monarcana. Aċ ní mian leo aṫrú mar sin a ḋéanaṁ, aṫrú a cuirfeaḋ an tsean-ċóras tuaiṫe as a riocṫ. Mar a deir údar 'Green Gold and Granite':

"Any attempt to achieve so radical a change would strike at the heart of Finland, at the sturdy independence of the yeomen stock which has defended its individual freedom for close on a thousand years. The Finn sees it as a condition of democracy that every man should own his own house and land, that every man should be his own master, owing neither rent nor service to another."

B. **Coṁar.** Tuigtear don Ollóin, pé scéal é, naċ leor gníoṁarṫa an Rialtais i gcás na tuaiṫe; go ḃfuil sé riaċtanaċ freisin, go mbéaḋ spéis ceart ag na daoine féin san obair, ⁊ go mbéaḋ a gcomoibriú ar fáil go fial. Tá spiorad na gcomarċumann ċoṁ maiṫ sa tír sin go n-oibríonn cumainn deontaċa go dlúṫ leis na h-údaráis ó ṫús go deire. Smaoineaṁ an-ṁaċṁar a ṫáinig ó'n Ollóin (agus a ḃfuil daoine in Éirinn ag ċur spéise anois ann) isea an "Féin-Suirḃé Pobail." Baill den ṗobal féin a ċuireann fiosrúċán ar siúl ar a ḃfaḋbanna féin, a ḃailíonn staitisticí agus eolas de ġaċ saġas. Is léir gur éasca i ḃfad dóiḃ teaċt ar eolas cruinnn ná do stráinséir sa bparóiste. (16). Deintear an suirḃé seo neaṁ-spléaċ ó'n suirḃé gairmiúl a bíonn ar siúl ag an am céanna. Is é an cuspóir atá leis an 'féin suirḃé' daoine a ċur ag maċtnaṁ ar a ndeaċraċtaí féin, mar sa tslí sin bíonn fonn i ḃfad níos mó orṫa beart a ḋéanaṁ de réir na moltaí a déantar ina ḋiaiḋ sin.

Tír eile a ḃfuil an ċoṁaraíoċt bunuiṫe go tréan ann ná Talaṁ an Éisc (Noḃa Scotia). Cruṫaíoḋ annsin cad is féidir le coṁ-oibriú a ḋéanaṁ ċun eacnomaíoċt tuaiṫe a ḟeaḃsú. Sar ar tosnaíoḋ ar an ngluaiseaċt ṫall ḃí an dúṫaiġ ṫart ar Antigonish ar ċeann des na réigiúin ba boiċte i Meiriceá Ṫuaiḋ, feirmeaċa beaga agus iascairí boċta ag iarraiḋ ḃeiṫ beo ó ḃliain go bliain. Ḃí Ollscoil san áit, áfaċ,

(Ar lean.)

Aiṫḃreiṫniú ar Cúrsaí Telefís Éireann

An ḃfeaḃsófar Stáid na Gaeilge

An mbeiḋ aṫrú ar biṫ ar polasaí ain-ġaelaċ, nó polasaí leaṁ, Ṫelefís Éireann, san ḃliain 1965?

Tá daoine ann den tuairim go mbeiḋ. Nó de réir, mar adúirt an tAire Poist agus Telegrafa san Dáil, beiḋ aiṫḃreiṫniú agus léirṁeas iomlán ar seirḃísí telefíse agus radio go lua i 1965.

„Tá an tAċt a bunaiġ Telefís Éireann, agus an tréiṁse a ṫug sé don Údaras, reaite ag deireaḋ na bliana airgeadais seo, agus má tátar le tuilleaḋ airgid Stáit a ṫabairt don Údarás, caiṫfear Bille a ċur tríd an Dáil roiṁ ḋeireaḋ mí Márta.

Ḃí sé i gceist, agus ḃí sé mar ċuspóir, go mbeaḋ an t-Údaras ag íoc as féin aċ tá leide ann go mbéifear ag iarraiḋ tuilleaḋ airgid Stáit fós.

Deirtear go ḃfuil an Rialtas ag déanaṁ aṫḃreiṫniú ar ċúrsaí airgid agus oibre an Údaráis.

Aċ, is beag tráċt atá ann go mbeiḋ aṫḃreiṫniú nó aṫrú ar biṫ i bpolasaí Telefís Éireann de ṫairḃe na Gaeilge de. Agus is miṫid anois rud éigin bunúsaċ, ⁊ rud éigin dul ċun cinn a ḋéanaṁ sul a mbeiḋ an Bille nua curṫa frid an Dáil.

Dúirt an tAire go ḃféadfaí leasaiṫe ar biṫ arḃ áil a ṫabhairt isteaċ, agus is misde ceist na Gaeilge a ṗlé go h-iomlán, mar is soiléir naċ ḃfuil tairḃe dá laġad foráil insan Aċt Bunaiġ, 1960, a rá gur ċeart do Telefís Éireann aire a ṫabairt don ċuspóir náisiúnta de ṫairḃe na Gaeilge. Caiṫfear treoir níos cruinne, agus aiḋm níos cinnte a ṫabairt don Údarás le coṁlíonaḋ.

Caiṫfear a ċinntiú go mbeiḋ ádḃar baile de árd-ċaiġdeán, gan árd ċostas mar ċuid bunaiġ clár na telefíse, agus is féidir é seo a ḋéanaṁ go h-éasca, aċ cur ċuige.

Baol do Bradain na hÉireann

An mBeiḋ Siad Raid-Gníoṁaċ?

Scéal imní don Iarṫar uiliġ an tuairisc lár na seaċtaine seo go raiḃ na bradáin fá'n gCurrán i gCiarraí raid-ġníoṁaċ.

Ceapaḋ ar tús gur aicid éisc a ḃí orṫa a ṫáinig óna héisc i ḃfeilmeaċa Rainbow Teoranta.

Aċ nuair a ċuaiġ Mort Breaṫnaċ amaċ ansin le cúntar geiger fuair sí amaċ go raiḃ a ṫrí oiread raid ġníṁaċt ionta agus ba ċóir agus ḋeiṁniġ oifigeaċ Cosaint Sibialta Ciarraí é seo.

Níl aon ḃaol san raid ġníoṁaċt seo don duine aċ ḃí tuairim ag an Uasal Breaṫnaċ gurb é seo a ṫug bás na mbradán agus ḋeiṁniġ na marcanna doiġte ar a gcroiceann é seo.

Tá oifigeoirí airm agus oifigeoirí ón tSualainn ag scrúdú ⁊ ag fiosrú an scéil fá láṫair.

Gluaiseann na bradáin i ḃfad amaċ sna farraigí agus ṫiocfaḋ dó gur ṡnáṁ siad frid ceantar mar caiṫeaḋ aḃar raid ġníoṁaċ.

Aċ sé an t-aḃar imní go ḃféadfaḋ an rud céanna a ṫarlaḋ do ċuid bradáin na hÉireann uiliġ.

An Ḃfiosaċ

Ṫáinig bean ċoṁarsan isteaċ ar cuairt ċuig bean nua-ṗósta ⁊ fuair sí í sa ċistin ag gol go foiġdeaċ. "Caidé tá cearr?" arsa sise léi go caoin láċ. "Ó, tá mé cráite," arsan créatúr go trucánta. "Rinne mé císte mílis do Ṡéamas agus ċuir isteaċ é san frioge uair ó ṡoin, aċ níl siúcra reoite ar biṫ air go fóill!

— — — — —

Tiománaí gluaisteáin: "Tiomáin mé ó Ġaillim go Baile Áṫa Cliaṫ cúpla lá ó ṡoin agus níor stad mé áit ar biṫ le béile d' ḟáil. Ní ḃfuair mé aċ greim ar an roṫ.

Iníon óg: Ó a Ḋaid. Caiṫfiḋ sé go ḃfuil fiacla láidre go maiṫ agat!

Glanaḋ Eitinn Bólaċta

Ag freagairt ceiste sa Dáil, dúirt an tAire Talṁaíoċta gur h-íocaḋ £32,900,000 le uainéiri eallaċ a marḃaíoḋ faoi scéim glanta eitinn bólaċta. Den £32,900,000 sin, híocaḋ £1,447,000 le feirmeoirí i nGaillim; £667,000 le feirmeoirí i Muiġeo; £353,000 le feirmeoirí i dTírċonaill; £3,197,000 le feirmeoirí i gCiarraí.

Aerstad Uaran Mór

Tá Cuideaċtain Reaċtúil a ḃunú i nGaillim le forbairt a ḋéanaṁ ar aerstad Uaran Mór. Tá an Coṁairle Tráċtála ag iarraiḋ cabair muinntir na Gaillime go léir ċun infeistiú sa Cuideaċtain. Túsnófar le seirḃísí aer-tacsí ó Gaillim go Sionainn, Baile Áṫa Cliaṫ agus Béal Feirste.

Sin Ceist Eile

Ḃí máṫair Eoinín a míniú dó caidé an dóiġ ar ċeart dó diúltú do féin agus an píosa a ba ṁó den ċáca milis a ṫabairt do na ḋeirfiúr beag. "Féaċ anois," arsa sise leis, "naċ ḃfeiceann tú fiú an sean ċearc sin ṫall, tugann sí na píosa beaga is deise do na sicíní óga agus ní iṫeann sí féin aċ corr ġreim de na soġluistí a ṗiocann sí suas." Ḃain Eoinín lán na súil as an ċearc as a héilín ar feaḋ tamaill. Ansin, arsa seisean lena ṁáṫair, "A Mamai. Ḋéanfainnse an rud céanna dá mba péistí a ḃeaḋ agam!"